



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2018  
COM(2018) 392 final

ANNEXES 1 to 12

## **IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

### **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{SEC(2018) 305 final} - {SWD(2018) 301 final}

## IARSCRÍBHINN I

### TÁSCAIRÍ ASCHUIR, TORAIDH AGUS TIONCHAIR DE BHUN AIRTEAGAL 7

<p><b>Measúnú ar fheidhmíocht an bheartais (ilbhliantúil) - TIONCHAR</b></p> <p>Cuspóirí agus a dtáscairí tionchair comhfhreagracha.*</p>	<p><b>Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht - TORADH*</b></p>	<p><b>Imréiteach feidhmíochta bliantúil - ASCHUR</b></p> <p>Cineálacha idirghabhála leathana agus a dtáscairí aschuir.*</p>
---	---	---

Cuspóir <u>trasearnálach</u> AE: Nuachóiriú	Táscaire	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)	Na Córais um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS)	Táscairí aschuir
<p><b>Eolas, nuálaíocht agus digitíú a chothú in earnáil na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe agus an glacadh atá leo a spreagadh</b></p>	<p><b>I.1 Eolas a roinnt agus nuálaíocht:</b> An sciar de bhuiséad CBT le haghaidh eolas a roinnt agus nuálaíochta</p>	<p><b>R.1 Cur leis an bhfeidhmíocht tríd an eolas agus an nuálaíocht:</b> An sciar de na feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht le haghaidh comhairle, oiliúna, malartú eolais, nó a ghlacann páirt i ngrúpaí oibríochtúla chun cur leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch, chomhshaoil, aeráide agus éifeachtúlachta acmhainní.</p> <p><b>R.2 Na córais um chomhairle agus um eolas a nascadh:</b> Líon na seirbhísí comhairle atá comtháthaithe in AKIS (i gcomparáid leis an líon iomlán feirmeoirí)</p> <p><b>R.3 An talmhaíocht a dhigitiú:</b> An sciar de na feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht faoi CBT maidir le teicneolaíocht na feirmeoireachta beaichte</p>	<p><b>An Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le heolas agus nuálaíocht talmhaíochta (CEN)**</b></p>	<p><b>O.1</b> Líon na ngrúpaí oibríochtúla faoi CEN</p> <p><b>O.2</b> Líon na seirbhísí comhairle a bhfuil grúpaí oibríochtúla á mbunú acu faoi CEN nó atá ag glacadh páirte iontu</p>

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)	Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
<p><b>Tacaíocht a thabhairt d'ioncam feirme inmharthana agus don athléimneacht ar fud an Aontais chun cur leis an tslándáil bia</b></p>	<p><b>I.2 Éagothromaíochtaí ioncaim a laghdú:</b> An t-athrú ar an ioncam talmhaíochta i gcomparáid leis an ngeilleagar trí chéile</p> <p><b>I.3 Éagsúlachtaí in ioncam feirme a laghdú:</b> An t-athrú ar an ioncam talmhaíochta</p> <p><b>I.4 Tacaíocht d'ioncam feirme inmharthana:</b> An t-athrú ar leibhéal an ioncaim talmhaíochta de réir earnála (i gcomparáid leis an meán)</p> <p><b>I.5 Cur leis an gcothromaíocht chríochach:</b> An t-athrú ar an ioncam talmhaíochta i limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha (i gcomparáid leis an meán)</p>	<p><b>R.4 Tacaíocht ioncaim a nascadh le caighdeáin agus dea-chleachtas:</b> An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear atá cumhdaithe ag tacaíocht ioncaim agus faoi réir coinníollachta</p> <p><b>R.5 Bainistiú riosca:</b> An sciar de na feirmeacha a bhfuil uirlisí bainistithe riosca acu faoi CBT</p> <p><b>R.6 Athdháileadh ar fheirmeacha beaga:</b> Céatadán den tacaíocht bhreise in aghaidh an heicteáir maidir le feirmeacha incháilithe atá níos lú ná feirmeacha meánmhéide (i gcomparáid leis an meán)</p> <p><b>R.7 Cur leis an tacaíocht d'fheirmeacha i limistéir a bhfuil riachtanais shonracha acu:</b> Céatadán den tacaíocht bhreise in aghaidh an heicteáir i limistéir a bhfuil riachtanais bhreise acu (i gcomparáid leis an meán)</p>	<p><b>Tacaíocht faoi CBT</b></p>	<p><b>O.3</b> Líon na dtairbhíthe de thacaíocht faoi CBT</p>
	<p><b>Tacaíocht dhíreach dhíchúpláilte</b></p>	<p><b>O.4</b> Líon na heicteáir maidir le hfocaíochtaí díreacha díchúpláilte</p> <p><b>O.5</b> Líon na dtairbhíthe maidir le hfocaíochtaí díreacha díchúpláilte</p> <p><b>O.6</b> Líon na heicteáir atá faoi réir tacaíocht ioncaim bhreise d'fheirmeoirí óga</p> <p><b>O.7</b> Líon na dtairbhíthe atá faoi réir tacaíocht ioncaim bhreise d'fheirmeoirí óga</p>		
<p><b>Díriú níos fearr ar an margadh agus cur leis an iomaíochas, lena n-áirítear béim níos mó ar an taighde, an</b></p>	<p><b>I.6 Cur le táirgiúlacht feirmeacha:</b> Táirgiúlacht na bhfachtóirí uile</p>	<p><b>R.8 Díriú ar fheirmeacha in earnálacha a bhfuil deacrachtaí acu:</b></p> <p>An sciar de na feirmeoirí atá ag fáil tacaíocht chúpláilte maidir leis an iomaíochas, an inbhuanaitheacht agus an cháilíocht a fheabhsú</p>	<p><b>Uirlisí bainistithe riosca</b></p>	<p><b>O.8</b> Líon na bhfeirmeoirí atá cumhdaithe ag uirlisí bainistithe riosca a fhaigheann tacaíocht faoi CBT</p>

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)
teicneolaíocht agus an digitiú	<b>I.7 An trádáil agrairbhia a chur chun tairbhe:</b> Allmhairí agus onnmhairí sa trádáil agrairbhia	<b>R.9 Nuachóiriú feirmeacha:</b> An sciar de na feirmeoirí atá ag fáil tacaíocht infheistíochta chun athstruchtúrú agus nuachóiriú a dhéanamh, lena n-áirítear éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú
Áit an fheirmeora sa slabhra luacha a fheabhsú	<b>I.8 Áit an fheirmeora sa bhiashlabhra a fheabhsú:</b> Luach breise le haghaidh príomhtháirgeoirí sa bhiashlabhra	<b>R.10 Eagrú níos fearr ar an slabhra soláthair:</b> An sciar de na feirmeoirí atá páirteach i ngrúpaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí, margaí áitiúla, slabhraí gearra soláthair agus scéimeanna cáilíochta a fhaigheann tacaíocht faoi CBT  <b>R.11 Soláthar a chomhchruinniú:</b> An sciar de luach na táirgeachta arna margú ag eagraíochtaí táirgeoirí i gcláir oibríochtúla
Cuidiú le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin, agus leis an bhfuinneamh inbhuanaithe	<b>I.9 Cur le hathléimneacht na bhfeirmeacha:</b> Innéacs  <b>I.10 Cuidiú le maolú an athraithe aeráide:</b> Astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann as an talmhaíocht a laghdú  <b>I.11 Ceapadh carbóin a fheabhsú:</b> Cur leis an méid carbóin orgánaigh san ithir  <b>I.12 Cur leis an bhfuinneamh inbhuanaithe sa talmhaíocht:</b> Fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht	<b>R.12 Oiriúnú don athrú aeráide:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú  <b>R.13 Astaíochtaí a laghdú in earnáil an bheostoic:</b> An sciar de na haonaid bheostoic a fhaigheann tacaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasta agus/nó amóinia a laghdú, lena n-áirítear bainistiú aoiligh  <b>R.14 Stóráil carbóin in ithreacha agus i mbithmhais:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais maidir le hastaíochtaí a laghdú, stóráil carbóin a chothabháil agus/nó a fheabhsú (féarthailte buana, talamh talmhaíochta i bportaigh, foraoisí, etc.)  <b>R.15 Fuinneamh glas ón talmhaíocht agus ón</b>

Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
<b>Tacaíocht chúpláilte</b>	<b>O.9</b> Líon na heicteár a fhaigheann tacaíocht chúpláilte  <b>O.10</b> An líon daoine atá ina gceann gabháltais a fhaigheann tacaíocht chúpláilte
<b>Íocaíochtaí i leith srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le réigiún</b>	<b>O.11</b> Líon na heicteár a fhaigheann breisiú maidir le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu (3 chatagóir)  <b>O.12</b> Líon na heicteár a fhaigheann tacaíocht faoi Natura 2000 nó faoin gCreat-Treoir Uisce
<b>Íocaíochtaí i leith gealltanais bhainistíochta (comhshaol/aeráid, acmhainní géiniteacha, leas ainmhithe)</b>	<b>O.13</b> Líon na heicteár (talmhaíocht) atá cumhdaithe ag gealltanais chomhshaoil/aeráide a théann thar na ceanglais éigeantacha

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)	Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
		<p><b>bhforaoiseacht:</b> Infheistíochtaí in acmhainn táirgthe fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh bithbhunaithe (MW)</p> <p><b>R.16 Cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh:</b> Caomhnú fuinnimh sa talmhaíocht</p> <p><b>R 17 Talamh coilltíthe:</b> Limistéar a fhaigheann tacaíocht maidir le coilltiú agus coillearnach, lena n-áirítear an agraforaoiseacht</p>		

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)	Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
<p><b>An fhorbairt inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtúil ar acmhainní nádúrtha, amhail an t-uisce, an ithir agus an t-aer, a chothú</b></p>	<p><b>I.13 Creimeadh ithreach a laghdú:</b> Céatadán den talamh a bhfuil creimeadh ithreach measartha agus dian ann ar thalamh talmhaíochta</p> <p><b>I.14 Cáilíocht an aeir a fheabhsú:</b> Astaíochtaí amóinia a thagann as an talmhaíocht a laghdú</p> <p><b>I.15 Cáilíocht an uisce a fheabhsú:</b> An chothromaíocht chomhlán cothaitheach ar thalamh talmhaíochta</p> <p><b>I.16 Sceitheadh cothaitheach a laghdú:</b> Níotráit sa screamhuisce - Céatadán de na stáisiúin screamhuisce a bhfuil tiúchan N iontu os cionn 50 mg/l de réir mar atá leagtha síos sa treoir um níotráití</p> <p><b>I.17 An brú ar acmhainní uisce a laghdú:</b> An tInnéacs Saothraithe Uisce+ (WEI+)</p>	<p><b>R.18 Ithreacha a fheabhsú:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais bhainistíochta a chabhraíonn le bainistiú ithreach</p> <p><b>R.19 Cáilíocht an aeir a fheabhsú:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais maidir le hastaíochtaí amóinia a laghdú</p> <p><b>R.20 Cáilíocht an uisce a chosaint:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais bhainistíochta maidir le cáilíocht uisce</p> <p><b>R.21 Bainistiú inbhuanaithe ar chothaitheach:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais maidir le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar chothaitheach</p> <p><b>R.22 Úsáid inbhuanaithe uisce:</b> An sciar den talamh uiscithe atá faoi ghealltanais maidir leis an gothromaíocht uisce a fheabhsú</p> <p><b>R.23 Feidhmíocht a bhaineann leis an gcomhshaol/an aeráid tríd an infheistíocht:</b> An sciar de na feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht i bhfoirm infheistíochtaí a bhaineann le cúram don chomhshaol agus don aeráid</p>		<p><b>O.14</b> Líon na heicteár (foraoiseacht) atá cumhdaithe ag gealltanais chomhshaoil/aeráide a théann thar na ceanglais éigeantacha</p> <p><b>O.15</b> Líon na heicteár a fhaigheann tacaíocht maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach</p> <p><b>O.16</b> Líon na n-aonad beostoic atá cumhdaithe ag tacaíocht le haghaidh leas agus sláinte ainmhithe nó bearta bithshlándála níos fearr</p> <p><b>O.17</b> Líon na dtionscadal a thugann tacaíocht le haghaidh acmhainní géiniteacha</p>
	<p><b>Infheistíochtaí</b></p>	<p><b>O.18</b> Líon na n-infheistíochtaí táirgiúla ar fheirmeacha a fhaigheann tacaíocht</p> <p><b>O.19</b> Líon na mbonneagar áitiúil a fhaigheann tacaíocht</p>		

**R.24 Feidhmíocht a bhaineann leis an gcomhshaol/an aeráid trí eolas:** An sciar de na feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht le haghaidh comhairle/oiliúint a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil agus aeráide

**O.20** Líon na n-infheistíochtaí neamhtháirgiúla a fhaigheann tacaíocht

**O.21** Líon na n-infheistíochtaí táirgiúla lasmuigh den fheirm a fhaigheann tacaíocht

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)
<p><b>Cuidiú le cosaint na bithéagsúlachta, seirbhísí éiceachórais a fheabhsú agus gnáthóga agus tírdhreacha a chaomhnú</b></p>	<p><b>I.18 Cur le líon na bpobal éan ar thalamh feirme:</b> An t-innéacs éanlaithe talaimh feirme</p> <p><b>I.19 Cosaint níos fearr don bhithéagsúlacht:</b> Céatadán na speiceas agus na ngnáthóg ar de leas an Chomhphobail iad a bhaineann leis an talmhaíocht a bhfuil treochtaí seasta nó ardaitheacha ann maidir leo</p> <p><b>I.20 Seirbhísí éiceachórais níos fearr a chur ar fáil:</b> An sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear atá cumhdaithe ag gnéithe tírdhreacha</p>	<p><b>R.25 Tacaíocht maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí:</b> An sciar den talamh foraoise atá faoi ghealltanais bhainistíochta a chabhraíonn le caomhnú agus bainistiú foraoisí</p> <p><b>R.26 Éiceachórais na bhforaoisí a chaomhnú:</b> An sciar den talamh foraoise atá faoi ghealltanais bhainistíochta a thacaíonn le seirbhísí tírdhreacha, bithéagsúlachta agus éiceachórais</p> <p><b>R.27 Gnáthóga agus speicis a chaomhnú:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais bhainistíochta a thacaíonn le caomhnú nó athbhunú na bithéagsúlachta</p> <p><b>R.28 Tacaíocht do Natura 2000:</b> An limistéar i suíomhanna Natura 2000 atá faoi ghealltanais maidir le cosaint, cothabháil agus athchóiriú</p> <p><b>R.29 Gnéithe tírdhreacha a chaomhnú:</b> An sciar den talamh talmhaíochta atá faoi ghealltanais maidir le gnéithe tírdhreacha, lena n-áirítear fála sceach, a bhainistiú</p>

Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
<p><b>Deontais chun cabhrú le feirmeoirí dul i mbun gnó</b></p>	<p><b>O.22</b> Líon na bhfeirmeoirí a fhaigheann deontais chun cabhrú leo dul i mbun gnó</p> <p><b>O.23</b> Líon na bhfiontraithe tuaithe a fhaigheann deontais chun cabhrú leo dul i mbun gnó</p>
<p><b>Comhar</b></p>	<p><b>O.24</b> Líon na ngrúpaí/eagraíochtaí táirgeoirí a fhaigheann tacaíocht</p> <p><b>O.25</b> Líon na bhfeirmeoirí a fhaigheann tacaíocht chun páirt a ghlacadh i scéimeanna cáilíochta an Aontais Eorpaigh</p> <p><b>O.26</b> Líon na dtionscadal athnuachana ó ghlúin go glúin (feirmeoirí óga/nach bhfuil óg)</p> <p><b>O.27</b> Líon na straitéisí forbartha áitiúla (LEADER)</p> <p><b>O.28</b> Líon na ngrúpaí eile comhair (gan CEN a thuairiscítear in O.1 a áireamh)</p>

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)	Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
<b>Feirmeoirí óga a mhealladh agus forbairt gnó a éascú i gceantair thuaithe</b>	<b>1.21 Feirmeoirí óga a mhealladh:</b> An t-athrú ar líon na bhfeirmeoirí nua	<b>R.30 Athnuachan ó ghlúin go glúin:</b> Líon na bhfeirmeoirí óga a bhfuil feirm á bunú acu le tacaíocht ó CBT	<b>Eolas a mhalartú agus faisnéis a scaipeadh</b>	<b>O.29</b> Líon na bhfeirmeoirí a fuair oiliúint/ar cuireadh comhairle orthu

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)
An fhostaíocht, an fás, an cuimsiú sóisialta, agus an fhorbairt áitiúil a chur chun cinn i gceantair thuaithe, lena n-áirítear an bithgheilleagar agus an fhoraoiseacht inbhuanaithe	<p><b>I.22 Cabhrú leis an bhfostaíocht i gceantair thuaithe:</b> An t-athrú ar an ráta fostaíochta sna ceantair thuaithe den chuid is mó</p> <p><b>I.23 Cabhrú leis an bhfás i gceantair thuaithe:</b> An t-athrú ar an olltáirgeacht intíre in aghaidh an duine sna ceantair thuaithe den chuid is mó</p> <p><b>I.24 CBT níos cothroime:</b> Dáileadh na tacaíochta faoi CBT a fheabhsú</p> <p><b>I.25 Cuimsiú tuaithe a chur chun cinn:</b> An t-athrú ar innéacs na bochtaineachta i gceantair thuaithe</p>	<p><b>R.31 Fás agus fostaíocht i gceantair thuaithe:</b> Líon na bpost i dtionscadail a fhaigheann tacaíocht</p> <p><b>R.32 An bithgheilleagar tuaithe a fhorbairt:</b> Líon na ngnólachtaí sa bithgheilleagar a bunaíodh le tacaíocht faoi CBT</p> <p><b>R.33 An geilleagar tuaithe a dhigitiú:</b> Pobal tuaithe atá cumhdaithe ag straitéis Sraidbhailte Cliste faoi CBT</p> <p><b>R.34 Eoraip na tuaithe a chónascadh:</b> An sciar de phobal na tuaithe a bhfuil rochtain níos fearr acu ar sheirbhísí agus ar bhonneagar de bharr tacaíocht faoi CBT</p> <p><b>R.35 Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn:</b> Líon na ndaoine as mionlaigh agus/nó grúpaí leochaileacha atá ag baint leas as tionscadail cuimsithe shóisialta a fhaigheann tacaíocht faoi CBT</p>
	An chaoi a dtéann earnáil talmhaíochta an Aontais Eorpaigh i ngleic le héilimh shochoíochta ar	<b>I.26 Srian a chur le húsáid antaibheathach sa talmhaíocht:</b> díol/úsáid i mbia-ainmhithe

Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)
	<b>O.30</b> Líon na ndaoine nach feirmeoirí a fuair oiliúint/ar cuireadh comhairle orthu
<b>Táscairí cothrománacha</b>	<p><b>O.31</b> Líon na heicteár atá faoi chleachtas feimeoireachta nach bhfuil neamhdhíobhálach don chomhshaol (táscaire sintéise maidir leis an limistéar atá faoi choinníollacht, éiciscéimeanna, bearta talmhaíochta comhshaoil agus aeráide (AECM), bearta foraoiseachta, feirmeoireacht orgánach)</p> <p><b>O.32</b> Líon na heicteár atá faoi réir coinníollachta (arna miondealú de réir cleachtas GAEP)</p>
<b>Cláir de réir earnála</b>	<p><b>O.33</b> Líon na n-eagraíochtaí táirgeoirí a bhfuil ciste/clár oibríochtúil á bunú nó á bhunú acu</p> <p><b>O.34</b> Líon na mbeart tionscnaimh agus faisnéise, agus faireachán ar an margadh</p> <p><b>O.35</b> Líon na mbeart maidir le caomhnú/feabhsú na beachadóireachta</p>

Cuspóirí sonracha AE	Táscairí tionchair	Táscairí toraidh (bunaithe ar idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó CBT amháin)
bhia agus ar shláinte, lena n-áirítear bia sábháilte cothaitheach inbhuanaithe, agus leas ainmhithe, a fheabhsú	<p><b>I.27 Úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí:</b> Rioscaí agus tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a laghdú**</p> <p><b>1.28 Freagairt d'éileamh tomhaltóirí ar bhia ardcháilíochta:</b> Luach na táirgeachta faoi scéimeanna cáilíochta an Aontais Eorpaigh (bia orgánach san áireamh)</p>	<p><b>R.37 Úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí:</b> An sciar den talamh talmhaíochta a bhfuil baint aige le bearta sonracha tacaíochta a chuireann le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí d'fhonn rioscaí agus tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a laghdú</p> <p><b>R.38 Leas ainmhithe a fheabhsú:</b> An sciar de na haonaid bheostoic a thagann faoi bheart tacaíochta chun leas ainmhithe a fheabhsú</p>

\*Déantar formhór na dtáscairí tionchair a bhailiú cheana féin ar bhealaí eile (staidreamh Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC), an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, etc.) agus a úsáid faoi chuimsiú reachtaíocht eile AE nó spriocanna forbartha inbhuanaithe. Ní ar bhonn bliantúil i gcónaí a bhailítear na sonraí agus d'fhéadfadh moill 2/3 bliana a bheith i gceist. \*\* Treoir maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí

\* Garmheastacháin atá sna torthaí. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí a chur in iúl gach bliain le go bhféadfar faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna atá leagtha síos acu ina bpleananna faoi CBT.

Idirghabháil leathan	Táscairí aschuir (in aghaidh na hidirghabhála)

\*Déanfaidh siad na sonraí maidir lena gcaiteachas dearbhaithe a chur in iúl gach bliain.

\*\*An tacaíocht maidir le grúpaí oibríochtúla faoi CEN, tagann sí faoi na forálacha maidir le comhar.

## IARSCRIBHINN II

### TACAÍOCHT INTÍRE ÓN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA TRÁDÁLA DE BHUN AIRTEAGAL 10

Cineál idirghabhála	Tagairt sa Rialachán seo	Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht ("Bosca Glas")
Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta	Teideal III, Caibidil 2 Roinn 1 Foroinn 2	5 (mura bhfuil an cur chun feidhme bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta) 6 (má tá an cur chun feidhme bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta)
Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta	Teideal III, Caibidil 2 Roinn 1 Foroinn 3	5 (mura bhfuil cur chun feidhme na tacaíochta gaolmhaire bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta) 6 (má tá cur chun feidhme na tacaíochta gaolmhaire bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta)
Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga	Airteagal 27	5 (mura bhfuil cur chun feidhme na tacaíochta gaolmhaire bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta) 6 (má tá cur chun feidhme na tacaíochta gaolmhaire bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta)
Scéimeanna maidir leis an aeráid agus an comhshaol (éiciscéimeanna)	Airteagal 28	5 (más rud é nach ndéanfaítear ach amháin d'fheirmeoirí atá i dteideal tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta agus mura bhfuil cur chun feidhme na tacaíochta gaolmhaire bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta) 6 (más rud é nach ndéanfaítear ach amháin d'fheirmeoirí atá i dteideal tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta agus má tá cur chun feidhme na tacaíochta gaolmhaire bunúsaí ioncaim i dtaobh na

<b>Cineál idirghabhála</b>	<b>Tagairt sa Rialachán seo</b>	<b>Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (“Bosca Glas”)</b>
		hinbhuanaitheachta bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta)  12 (más rud é nach ndéanfaítear d'fheirmeoirí atá i dteideal tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta)
Torthaí agus glasraí – infheistíochtaí	Airteagal 43(1)(a)	2, 11 nó 12
Torthaí agus glasraí – taighde agus táirgeadh turgnamhach	Airteagal 43(1)(b)	2
Torthaí agus glasraí – táirgeadh orgánach	Airteagal 43(1)(c)	12
Torthaí agus glasraí – táirgeadh comhtháite	Airteagal 43(1)(d)	12
Torthaí agus glasraí – caomhnú ithreach agus cur leis an méid carbóin atá san ithir	Airteagal 43(1)(e)	12
Torthaí agus glasraí – gnáthóga a chruthú agus a chothabháil nó tírdhreach a chothabháil	Airteagal 43(1)(f)	12
Torthaí agus glasraí – caomhnú agus éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite	Airteagal 43(1)(g)	11 nó 12
Torthaí agus glasraí – seasmhacht i gcoinne lotnaidí	Airteagal 43(1)(h)	2, 11 nó 12
Torthaí agus glasraí – úsáid agus bainistiú uisce	Airteagal 43(1)(i)	2 nó 11
Torthaí agus glasraí – táirgeadh dramhaíola a laghdú agus bainistiú dramhaíola	Airteagal 43(1)(j)	11 nó 12
Torthaí agus glasraí – iompar agus stóráil	Airteagal 43(1)(k)	11
Torthaí agus glasraí – oiriúnú don athrú aeráide agus maolú	Airteagal 43(1)(l)	11 nó 12

<b>Cineál idirghabhála</b>	<b>Tagairt sa Rialachán seo</b>	<b>Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (“Bosca Glas”)</b>
an athraithe aeráide		
Torthaí agus glasraí – scéimeanna cáilíochta	Airteagal 43(1)(m) agus Airteagal 43(2)(j)	2
Torthaí agus glasraí – tionscnamh agus cumarsáid	Airteagal 43(1)(n)	2
Torthaí agus glasraí – seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil	Airteagal 43(1)(o)	2
Torthaí agus glasraí – oiliúint agus malartú dea-chleachtas	Airteagal 43(1)(p)	2
Torthaí agus glasraí – cistí frithpháirteacha	Airteagal 43(2)(a)	8
Torthaí agus glasraí – infheistíochtaí	Airteagal 43(2)(b)	11
Torthaí agus glasraí – úllóird a athphlandú	Airteagal 43(2)(c)	8
Torthaí agus glasraí – cóitseáil	Airteagal 43(2)(h)	2
Torthaí agus glasraí – prótacail fíteashláintíochta tríú tíortha a chur chun feidhme agus a bhainistiú	Airteagal 43(2)(i)	2
Torthaí agus glasraí – seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil	Airteagal 43(2)(k)	2
Beachadóireacht – cúnamh teicniúil	Airteagal 49(1)(a)	2
Beachadóireacht – ionróirí coirceog beach agus galair sna coirceoga beach a chomhrac	Airteagal 49(1)(b)	2
Beachadóireacht – saotharlanna tacaíochta	Airteagal 49(1)(d)	2

<b>Cineál idirghabhála</b>	<b>Tagairt sa Rialachán seo</b>	<b>Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (“Bosca Glas”)</b>
Beachadóireacht – cláir thaighde	Airteagal 49(1)(f)	2
Beachadóireacht – faireachán ar an margadh	Airteagal 49(1)(g)	2
Beachadóireacht – cáilíocht táirgí a fheabhsú	Airteagal 49(1)(h)	2
Fíon – athstruchtúrú agus athchóiriú	Airteagal 52(1)(a)	8
Fíon – infheistíochtaí i saoráidí próiseála agus i mbonneagar fíonghort	Airteagal 52(1)(b)	11
Fíon – infheistíochtaí nuálaíochta	Airteagal 52(1)(e)	11
Fíon – bearta faisnéise	Airteagal 52(1)(g)	2
Fíon – tionscnamh	Airteagal 52(1)(h)	2
Fíon – costais riaracháin a bhaineann le cistí frithpháirteacha	Airteagal 52(1)(i)	2
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – infheistíochtaí, taighde agus táirgeadh turgnamhach	Airteagal 60(1)(a)	2, 11 nó 12
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil	Airteagal 60(1)(b)	2
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – oiliúint agus malartú dea-chleachtas	Airteagal 60(1)(c)	2

<b>Cineál idirghabhála</b>	<b>Tagairt sa Rialachán seo</b>	<b>Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (“Bosca Glas”)</b>
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – táirgeadh orgánach	Airteagal 60(1)(d)	12
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – iompar agus stóráil inbhuanaithe	Airteagal 60(1)(e)	2 nó 12
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – tionscnamh agus cumarsáid	Airteagal 60(1)(f)	2
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – scéimeanna cáilíochta	Airteagal 60(1)(g)	2
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – córais inrianaitheachta agus deimhniúcháin	Airteagal 60(1)(h)	2
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – cistí frithpháirteacha	Airteagal 60(2)(a)	2 nó 8
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – infheistíochtaí maidir le méideanna a bhainistiú	Airteagal 60(2)(b)	11
Earnálacha eile (agus leannlusanna, ola olóige agus	Airteagal 60(2)(d)	8

<b>Cineál idirghabhála</b>	<b>Tagairt sa Rialachán seo</b>	<b>Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (“Bosca Glas”)</b>
ológa boird má úsáidtear iad sna hearnálacha sin) – úlloird a athphlandú		
Gealltanais chomhshaoil agus aeráide agus gealltanais bhainistíochta eile	Airteagal 65	12
Srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar; míbhuntáistí a thagann as ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar	Airteagal 66 agus Airteagal 67	13
Infheistíochtaí	Airteagal 68	11
Comhar	Airteagal 71	2
Eolas a mhalartú agus faisnéis a scaipeadh	Airteagal 72	2

## IARSCRÍBHINN III

### RIALACHA MAIDIR LE COINNÍOLLACHT DE BHUN AIRTEAGAL 11

CRB: Ceanglas reachtúil bainistíochta

CMTC: Caighdeán maidir le talamh a bheith i gcóir mhaith thalmhaíochta agus chomhshaoil

Réimsí	Saincheist	Ceanglais agus caighdeáin		Príomhchuspóir an chaighdeáin
An comhshaoil agus an aeráid	An t-athrú aeráide (é a mhaolú agus oiriúnú dó)	CMTC 1	Féarthailte buana a chothabháil ar bhonn cóimheas idir féarthailte buana agus an limistéar talmhaíochta	<i>Bearta cosanta ginearálta le nach n-athrófar go húsáidí eile talmhaíochta agus go gcaomhnófar an stoc carbóin</i>
		CMTC 2	Cosaint iomchuí na mbogach agus na bportach	<i>Ithreacha ar mhórán carbóin a chosaint</i>
		CMTC 3	Cosc ar choinleach arúil a loscadh, ach amháin ar chúiseanna sláinte plandaí	<i>Ábhar orgánach san ithir a chothabháil</i>
	Uisce	CRB 1	Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce:  Airteagal 11(3)(e) agus Airteagal 11(3)(h) maidir leis na ceanglais éigeantacha chun foinsí idirleata an truaillithe fosfáite a rialú	
		CRB 2	Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).  Airteagal 4 agus Airteagal 5	
		CMTC 4	Stráicí maolánacha a chur feadh uiscebhealaí <sup>1</sup>	<i>Cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha</i>

<sup>1</sup> Caithfidh na stráicí maolánacha, idir stráicí atá laistigh agus lasmuigh de na limistéir leochaileacha a sainíodh de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 91/676/CEE, ar a laghad na ceanglais a bhaineann le leasachán a leathadh ar thalamh atá gar d'uiscebhealaí a chomhlíonadh, ceanglais dá dtagraítear i bpointe A.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 91/676/CEE agus atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le clár ghníomhaíochta na mBallstát a bhunaítear faoi Airteagal 5(4) de Threoir 91/676/CEE.

Réimsí	Saincheist	Ceanglais agus caighdeáin		Príomhchuspóir an chaighdeáin
		CMTC 5	An Uirlis Inbhuanaitheachta Feirme i ndáil le Cothathaigh <sup>2</sup> a úsáid	<i>Bainistiú inbhuanaithe ar chothaitheigh</i>
	Ithir (cosaint agus cáilíocht)	CMTC 6	Bainistiú ar churaíocht chun baol an díghrádaithe ithreach a laghdú, lena n-áirítear breithníú fána	<i>Bainistiú íosta talún a chuireann san áireamh dálaí a bhaineann go sonrach leis an suíomh d'fhonn srian a chur le creimeadh</i>
		CMTC 7	Gan aon ithir lom sa tréimhse/sna tréimhsí is leochailí	<i>Ithreacha a chosaint sa gheimhreadh</i>
		CMTC 8	Uainíocht na mbarr	<i>Acmhainn na hithreach a chaomhnú</i>
	Bithéagsúlacht agus tírdhreach (cosaint agus cáilíocht)	CRB 3	Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7). Airteagal 3(1), Airteagal 3 (2)(b), Airteagal 4(1), (2) agus (4)	
		CRB 4	Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7): Airteagal 6(1) agus (2)	

<sup>2</sup> Cuirfear na heiliminí agus na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad ar fáil leis an uirlis sin:

a) Eilimintí

- Faisnéis ábhartha faoi fheirmeacha bunaithe ar an gCóras Sainaitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS) agus an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCCR);
- Faisnéis ón tsampláil ithreach, ar scála iomchuí spásúil agus ama;
- Faisnéis faoi chleachtais ábhartha bhainistíochta, faoi stair na mbarr agus faoi spriocanna táirgeachta;
- Eolas maidir le huasteorainneacha agus ceanglais dhlíthiúla a bhfuil baint acu le cothaitheigh feirme a bhainistiú;
- Buiséad iomlán maidir le cothaitheigh.

b) Feidhmiúlachtaí

- Comhtháthú uathoibríoch sonraí as foinsí éagsúla (LPIS agus CCCR, sonraí a thagann ó fheirmeoirí, anailísí ar an ithir, etc.) a mhéad is féidir le nach mbeidh ar fheirmeoirí na sonraí céanna a thabhairt faoi dhó;
- Ceadófar cumarsáid sa dá threo idir na gníomhaireachtaí íocaíochta/údaráis bhainistíochta agus na feirmeoirí;
- Modúlacht agus an deis cur le cuspóirí breise inbhuanaitheachta (e.g. bainistiú astaíochtaí, bainistiú uisce);
- Prionsabail AE maidir le hidir-inoibritheacht, oscailteacht agus athúsáid sonraí a urramú;
- Ráthaíochtaí maidir le slándáil sonraí agus príobháideachtas i gcomhréir leis na caighdeáin is fearr atá ann.

Réimsí	Saincheist	Ceanglais agus caighdeán	Príomhchuspóir an chaighdeáin
		CMTC 9 <ul style="list-style-type: none"> <li>• An sciar íosta den limistéar talmhaíochta atá dírithe ar ghnéithe nó ar réimsí neamhtháirgiúla</li> <li>• Gnéithe den tírdhreach a choinneáil</li> <li>• Cosc ar fhálta agus crainn a ghearradh le linn shéasúr goir agus tógála na n-éan</li> <li>• Mar rogha, bearta chun speicis ionracha phlandaí a chosc</li> </ul>	<i>Gnéithe neamhtháirgiúla a chothabháil agus limistéar ina ndéanfar an bhithéagsúlacht ar an bhfeirm a fheabhsú</i>
		CMTC 10 <p>Cosc ar fhéarthailte buana a athrú nó a threabhadh ar shuíomhanna Natura 2000</p>	<i>Gnáthóga agus speicis a chosaint</i>
Sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí	Sábháilteacht bia	CRB 5 <p>Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1): Airteagal 14, Airteagal 15, Airteagal 17(1)<sup>3</sup>, Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 20</p>	
		CRB 6 <p>Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3): Airteagal 3(a), (b), (d) agus (e) agus Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 7</p>	
	Sainaitint agus clárú ainmhithe <p>CRB 7           <p>Treoir 2008/71/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le muca a shainaitint agus a chlárú (IO L 213, 8.8.2005, lch. 31): Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5</p> </p>		

<sup>3</sup>

Go háirithe mar a chuirtear chun feidhme le:

— Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 37/2010,

— Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I cuid A (II 4 (g, h, j), 5 (f, h), 6; III 8 (a, b, d, e), 9 (a, c)),

— Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn III Roinn IX Caibidil 1 (I-1 b, c, d, e; I-2 a (i, ii, iii), b (i, ii), c; I-3; I-4; I-5; II-A 1, 2, 3, 4; II-B 1(a, d), 2, 4 (a, b)), Iarscríbhinn III Roinn X Caibidil 1(1),

